CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1283 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Lúnasa 2021

maidir le neamh-fhormheas substaintí gníomhacha áirithe i dtáirgí bithicídeacha de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 89(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]), in Iarscríbhinn II de, bunaítear liosta de theaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirgí a áirítear sa chlár athbhreithniúcháin ar shubstaintí gníomhacha atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha an 30 Márta 2019.

(2) I gcás roinnt teaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirgí a áirítear sa liosta sin, rinne na rannpháirtithe uile a dtacaíocht a tharraingt siar nó meastar go ndearna siad a dtacaíocht a tharraingt siar in am trátha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') cuireadh oscailte chun ról an rannpháirtí a ghlacadh i gcás na dteaglamaí sin de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirge nár glacadh ról an rannpháirtí ina leith roimhe sin. I gcás roinnt de na teaglamaí sin níor cuireadh aon fhógra isteach nó diúltaíodh an fógra de bhun Airteagal 17(4) nó (5) den Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 20, an chéad mhír, pointe (b), den Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, is iad seo a leanas na teaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirge sin nár cheart a fhormheas lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha: meatam-sóidiam (cineálacha táirgí 9 agus 11); tiaram (cineál táirge 9); brónapól (cineál táirge 9); aigéad sárocsa-ochtánóch (cineálacha táirge 2, 3, 4); Braich - Eastóscaigh agus a ndíorthaigh a ndearnadh modhnú fisiciúil orthu amhail tintiúir, concréití, absalóidí, blátholaí, olaroisíní, teirpéiní, codáin saor ó theirpéin, driogáití, iarmhair, etc., a fhaightear ó *Hordeum, Gramineae* (cineál táirge 19); 2,2-Débhrómai-2-cianaicéataimíd (cineál táirge 13).

(4) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún ar an eolas faoi na teaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirge sin ar tharraing na rannpháirtithe uile a dtacaíocht siar ina leith nó a meastar gur tharraingt siad siar a dtacaíocht ina leith in am trátha, agus ar teaglamaí iad a raibh ról an rannpháirtí glactha ina leith roimhe sin. I gcomhréir le hAirteagal 20, an chéad mhír, pointe (a), den Rialachán sin, is iad seo a leanas na teaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineálacha táirge sin nár cheart a fhormheas lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha: airgead, mar nana-ábhar (cineálacha táirge 2, 4, 9); Ola *euclaptus citriodora* agus ola chiotrónalal, hiodráitithe, timthriallaithe (cineál táirge 19); 2-Hiodrocsa-α,α,4-trímheitilcioglaiheacsánmheatánól (cineál táirge 19); dé-ocsaíd chlóirín a ghintear ó chlóirít sóidiam agus ó shárshulfáit sóidiam (cineálacha táirgí 2, 3, 4, 5, 11); aimíní, C10-16-ailcildémheitil, N-ocsaídí (cineál táirge 4); *capsicum oleoresin* (cineál táirge 19); *capsicum annuum*, ext. (cineál táirge 19); Mais imoibriúcháin de (6E)-N-(4-hiodrocsa-3-meatocsa-2-meitilfeinil)-8-meitilnón-6-eanaimíd agus N-(4-hiodrocsa-3-meatocsa-2-meitilfeinil)-8-meitilnónaimíd (cineál táirge 19).

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Níl na substaintí gníomhacha a liostaítear san Iarscríbhinn formheasta le haghaidh na gcineálacha táirge a shonraítear inti.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Teaglamaí de shubstaintí gníomhacha agus cineál táirge nach bhfuil formheasta:

Uimhir Iontrála in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1062/2014	Ainm na substainte	Ballstát is rapóirtéir	Uimhir CE	Uimhir CAS	Cineál(acha) táirge
9	Brónapól	ES	200-143-0	52-51-7	9
206	Tiaram	BE	205-286-2	137-26-8	9
210	Meatam-sóidiam	BE	205-293-0	137-42-8	9, 11
1023	Airgead, mar nana-ábhar	SE	231-131-3	7440-22-4	2, 4, 9
494	2,2-Débhrómai-2-cianaicéataimíd (DBNPA)	DK	233-539-7	10222-01-2	13
1047	Ola *euclaptus citriodora* agus ola chiotrónalal, hiodráitithe, timthriallaithe	CZ	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	19
609	2-Hiodrocsa-α, α,4-trímheitilcioglaiheacsánmheatánól	CZ	255-953-7	42822-86-6	19
813	Aigéad sárocsa-ochtánóch	FR	Neamhbhainteach	33734-57-5	2, 3, 4
1044	Dé-ocsaíd chlóirín a ghintear ó chlóirít sóidiam agus ó shárshulfáit sóidiam	DE	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	2, 3, 4, 5, 11
1064	Braich, Eastóscaigh agus a ndíorthaigh a ndearnadh modhnú fisiciúil orthu amhail tintúir, concréití, absalóidí, blátholaí, olaroisíní, teirpéiní, codáin saor ó theirpéin, driogáití, iarmhair, etc., a fhaightear ó *Hordeum, Gramineae*	AT	232-310-9	8002-48-0	19
692	Aimíní, C10-16-ailcildémheitil, N-ocsaídí	PT	274-687-2	70592-80-2	4
1059	*Capsicum oleoresin* Eastóscaigh agus a ndíorthaigh a ndearnadh modhnú fisiciúil orthu. Is táirge é a bhféadfadh aigéid róisín agus a n-eistear, teirpéiní, agus táirgí ocsaídiúcháin nó polaiméirithe na dteirpéiní sin a bheith ann. (*Capsicum frutescens, Solanaceae*)	BE	Níl fáil air	8023-77-6	19
1060	*Capsicum annuum*, ext. Eastóscaigh agus a ndíorthaigh a ndearnadh modhnú fisiciúil orthu amhail tintúir, concréití, absalóidí, blátholaí, olaroisíní, teirpéiní, codáin saor ó theirpéin, driogáití, iarmhair, etc., a fhaightear ó *Capsicum annuum, Solanaceae*.	BE	283-403-6	84625-29-6	19
1061	Mais imoibriúcháin de (6E)-N-(4-hiodrocsa-3-meatocsa-2-meitilfeinil)-8-meitilnón-6-eanaimíd agus N-(4-hiodrocsa-3-meatocsa-2-meitilfeinil)-8-meitilnónaimíd	BE	Níl fáil air	Níl fáil air	19